# ÁR LEABHARLANNA POIBLÍ 2022

## POBAIL A SPREAGADH, A CHEANGAL AGUS A CHUMASÚ

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna ullmhú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.




*Ionad geal, tarraingteach, fáilteach agus cathrach*

# CLÁR ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| 1. | BROLLACH | 2 |
| | RÉAMHRÁ | 4 |
| 2. | ACHOIMRE – AG FORBAIRT SEIRBHÍS LEABHARLAINNE POIBLÍ NUA-AIMSEARTHA | 6 |
| 3. | ÁR BHFÍS, LUACHANNA AGUS UAILLMHIANTA | 14 |
| 4. | NA CLÁIR STRAITÉISEACHA | 22 |
| 5. | ÁR LEABHARLANNA POIBLÍ 2022 – ÁISITHEOIRÍ STRAITÉISE | 32 |
| 6. | MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ DUL CHUN CINN | 46 |
| | AGUISÍN 1: LIOSTA DE CHOMHALTAÍ NA GCOMHCHOISTÍ | 48 |
| | AGUISÍN 2: TAGAIRTÍ | 50 |
| | AGUISÍN 3: BUÍOCHAS | 54 |

# 1.

# BROLLACH



Sócmhainn phobail dhílis agus ar a bhfuil luach is ea an leabharlann phoiblí i gceartlár an phobail. Catalaíoch d’athrú is ea í, a éascaíonn forbairt shóisialta, gheilleagrach agus chultúrtha agus tacaíonn sí le pobail chun na deiseanna a chruthaíonn sochaí nua-aimseartha dóibh a thapú. Is mór an t-athrú atá tagtha ar ár seirbhís leabharlainne poiblí ón mbliain 1998 ar aghaidh, tráth a d’fhoilsíomar an chéad straitéis do leabharlanna poiblí, ***Branching Out***. Tá seirbhís leabharlainne poiblí againn atá ag éirí níos forásaí, níos nuálaí agus níos freagrúla i gcónaí; a sholáthraíonn seirbhísí den chéad scoth; agus a dtacaíonn foireann thiomanta léi.

Cé gur soláthraíodh ***Deiseanna do Chách***, an straitéis leabharlainne poiblí don tréimhse ó 2013 go 2017, le linn trátha a bhí dúshlánach i dtaobh cúrsaí sóisialta agus geilleagracha, sholáthair sé roinnt nuálaíochtaí an-suntasacha don tseirbhís, catalóg leabharlann náisiúnta lena dtacaíonn seachadta náisiúnta ina measc. Leanann leabharlanna poiblí le seirbhís áitiúil a sholáthar – agus creidim go mbaineann ríthábhacht leis seo i dtaobh inbhuanaitheacht fhadtéarmach na seirbhíse leabharlainne – ach seirbhís áitiúil a bhfuil aimsiú náisiúnta aici atá sa tseirbhís anois.

Straitéis uaillmhianach is ***Ár leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú*** chun an tseirbhís leabharlainne poiblí a fhorbairt sna chéad cúig bliana amach romhainn. Ag cur le nuálaíochtaí teicneolaíochta agus seirbhíse a baineadh amach le blianta beaga anuas, díríonn sé ar fheabhas a chur ar rochtain, úsáid agus infheictheacht na leabharlainne poiblí agus í a bhunú mar an spriocionad do réimse seirbhísí inbhuanaithe comhtháite poiblí.

Cé gur léir go gcaitear leis an leabharlann mar sheirbhís bhunriachtanach phobail – seirbhís ar mhaith leis an bpobal a go gcuirfí ar fáil í ní ba mhinice – tá dúshlán romhainn chun bearna a líonadh idir tábhacht na leabharlainne, de réir mheon an phobail, agus an úsáid féin a bhaineann siad as leabharlanna. Táim muiníneach go dtabharfaidh bainistíocht agus foireann na leabharlainne aghaidh ar an dúshlán seo sna blianta amach anseo agus forbróimid an tseirbhís leabharlainne mar sheirbhís ábhartha, nua-aimseartha agus ardchaighdeáin atá ar fáil agus inrochtana do chách.

Buntacóimid leis an straitéis le hinfheistíocht leanúnach, déanfaimid foirgnimh na leabharlainne a fhorbairt ina léirítear cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil, cuirfimid feabhas ar rochtain agus uaireanta oscailte, agus cuirfimid barr feabhais ar acmhainneacht TFC.

Fáiltím an straitéis uaillmhianach leabharlainne poiblí seo agus táim muiníneach go mbunóidh sé an tseirbhís leabharlainne mar sheirbhís ábhartha, nua-aimseartha agus ardchaighdeáin a mbeidh teacht ag gach duine uirthi

Léirítear go rí-shoiléir sa straitéis an t-aiseolas ó na comhairliúcháin – gabhtar buíochas mór leo siúd go léir a ghlac páirt, foireann leabharlainne, comhaltaí tofa an údaráis áitiúil, Leabharlannaithe Cathrach agus Contae agus an líon breis agus 200 freagróir ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis an gCoiste Forbartha Leabharlann agus le comhaltaí ghrúpa oibre na straitéise as straitéis a mhúnlú chun tacú le seirbhís leabharlainne poiblí a fhorbairt a spreagfaidh, a cheanglóidh agus a chumasóidh ár bpobail sna chéad cúig bliana amach romhainn, agus níos faide ina dhiaidh sin.



**Michael Ring T.D.**
*An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail*

# RÉAMHRÁ



Cuireann na 31 údarás áitiúil ar fud fad na tíre an tseirbhís leabharlainne poiblí ar fáil don phobal. Gné lárnach de phobail áitiúla atá i leabharlanna atá bunaithe le fada an lá, agus cuireann siad réimse fairsing seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil dá gcomhaltaí agus tá a mballraíocht oscailte do gach duine. Le cúig bliana anuas, faoi ***Deiseanna do Chách***, an straitéis leabharlainne poiblí 2013-2017, thit mórmhéid forbartha amach chun ról leabharlann a fhorbairt agus a fhairsingiú. Tá deiseanna suntasacha ann go fóill, áfach, chun ballraíocht agus úsáid a mhéadú, áiteanna níos suntasaí a dhéanamh de leabharlanna i measc dream níos fairsinge úsáideoirí agus chun barr feabhais a chur ról leabharlann chun seirbhísí údaráis áitiúil a sholáthar

Forbraíodh ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú*** chun na deiseanna seo a fhíorú. Tá an straitéis céimnitheach agus uaillmhianach d'fhorbairt leabharlann. Teastaíonn uaithi tiomantas an rialtas áitiúil agus láir chun tacú leis an bhforbairt seo agus lena chinntiú go bhfuil an bonneagar leabharlainne oiriúnach agus go bhfuil na scileanna ag foireann na leabharlainne chun na cláir agus tionscnaimh a sholáthar.

Díreoidh an straitéis ar bhun fheidhmeanna an tseirbhís leabharlainne, ag tabhairt níos mó struchtúr agus comhsheasmhacht chuig ról na leabharlainne tacú le litearthacht, ag tacú le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus ag bunú an leabahrlann mar eochairionad le teacht ar eolas iontaofa agus údárasacha. Tacóidh sé le foireann na leabharlainne atá lárnach do seachadadh rathúil na seirbhísí leabharlainne agus le forbairt agus cur le scileanna s'acu. Tarraingneoidh ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** chomh maith ar chumas ár 330 leabharlainn le na seirbhísí seo a sheachadadh i comhpháirt le gníomhachtaí áitiúla, comhlachtaí forbatha agus grúpaí pobal eile.

Mar Chathaoirleach an Choiste Forbartha Leabharlann, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú***, táim ag tnúth le hoibriú i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla go léir, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, cuirfidh na bearta faoinar dtabharfar mar chuid den straitéis seirbhís leabharlainne bharrfheabhsaithe ar fáil, atá níos comhtháite agus infheicthe sa phobal agus a sholáthraíonn seirbhísí atá ar fáil nuair is mian le daoine iad a úsáid.



**Tom Enright**
*Cathaoirleach, An Coiste Forbartha Leabharlann*

# 2.

# ACHOIMRE – AG FORBAIRT SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE NUA-AIMSEARTHA

# Luach na Seirbhíse Leabharlainne Poiblí

Cuireann seirbhís nua-aimseartha, atá maoinithe mar is ceart, le folláine shóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha na bpobal. Tugann an leabharlann phoiblí tacaíocht do dhaoine agus do phobail tríd a láithreacht chathrach. Soláthraíonn sí eolas, tugann sí tacaíocht d'fhoghlaim agus do chultúr agus is í croílár líon seirbhíse poiblí.

Is ionad ar leith í an leabharlann atá imeasctha sa phobal áitiúil agus atá insroichte do chách. Tacaíonn agus éascaíonn sí oideachas agus forbairt scileanna. Cuidíonn an leabharlann le hoideachas príomhshruthú trí chothú um thacaíochtaí litearthachta, agus soláthraítear áit inti inar féidir le leanaí agus aosaigh foghlaim agus forbairt. Is acmhainn forbartha um scileanna digiteacha agus litearthachta í. Soláthraíonn an leabharlann cláir fhor-rochtana cultúrtha agus oideachasúla ar fáil, a chumasaíonn pobail, a éascaíonn comhtháthú pobal, a laghdaíonn iargúltacht agus a spreagann mórtas áite.

Tugann leabharlann nua-aimseartha, atá maoinithe mar is ceart, tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch agus do sholáthar seirbhísí tábhachtacha áitiúla. Oibríonn sí i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí áitiúla atá ag tabhairt tacaíocht do ghnóthaí, ag cuidiú le cruthú fiontair agus fostaíochta agus le nascadh idir daoine agus poist trí fhorbairt scileanna fostaíochta agus ag tabhairt tacaíochta do dhaoine atá ag lorg poist.

Léirítear luach na seirbhíse leabharlainne poiblí do dhaoine agus do phobal i suirbhé a rinneadh le déanaí ar sheirbhís leabharlainne in Éirinn agus sa RA, ***Shining a Light***, á choimisiúnú ag an Carnegie UK Trust sa bhliain 2017[1]. Is léir go bhfuil an-tábhacht ag baint le leabharlanna de réir mheon an phobail mar nuair a cuireadh an cheist ar dhaoine, dúirt beagnach 80% go raibh an-tábhacht ag baint le leabharlanna ina bpobail.

Mar sin féin, ag tabhairt airde ar an ardmheas atá orthu, tá deis ann an pobal a spreagadh chun níos mó tairbhe a bhaint as na leabharlanna. Cé go bhfuil lucht úsáide leabharlainne sásta, den chuid is mó, leis an tseirbhís a sholáthraítear, is léir ó chomhairliúchán poiblí nach bhfuil an lucht úsáide a bhfuil taithí acu leis an tseirbhís eolach ar na nuálaíochtaí tábhachtach a thit amach le blianta beaga anuas.

1 Shining a Light, Carnegie Trust UK (2017), https://www.carnegieuktrust.org.uk/shining-a-light/

# Leabharlanna Poiblí – Cúlra Gairid

Tá gach údarás áitiúil freagrach as bainistiú agus soláthar seirbhís leabharlainne poiblí ina gceantar riaracháin féin. Chuir *an tAcht Leabharlanna Poiblí* an bonn faoi fhorbairt na leabharlann poiblí in Éirinn, ag tabhairt cumhachta d'údaráis áitiúla tobhach a ghearradh chun seirbhísí leabharlainne poiblí a sholáthar.

I 1947, bunaíodh *An Chomhairle Leabharlann* faoin Acht Leabharlann Phoiblí – bhí cuidiú le agus tacú leis na húdaráis áitiúla i measc a fheidhmeanna, chomh maith le comhairle a thabhairt don Aire atá freagrach as forbairt straitéise na seirbhíse leabharlainne poiblí. Aistríodh na feidhmeanna seo faoi Fhorbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bhainistíochta Rialtas Áitiúil in 2012.

I 1961, thug an *tAire Rialtais Áitiúil* an *Scéim Deontais Leabharlainne Poiblí* isteach a thug fóirdheontas státchiste ar iasachtaí a thiomsaigh na húdaráis áitiúla chun leabharlanna nua a mhaoiniú. I 1988, seoladh *Clár Caipitiúil Tógála Leabharlainne Poiblí* a thug a mhéid le 75% de chúnamh deontais ar chostas forbartha leabharlann nua. Thug an clár infheistíocht shuntasach do na leabharlanna nua; mar sin féin, bhí sé soiléir gur chóir go mbeadh plean straitéiseach taobh thiar d'infheistíocht i seirbhís leabharlainne náisiúnta a bhí comhsheasmhach go náisiúnta agus ar ardchaighdeán.

Foilsíodh an chéad straitéis leabharlainne poiblí, ***Ag Leathnú Amach: Seirbhís Leabharlainne Nua-Aimseartha*** sa bhliain 1998 agus dhírigh sé ar sholáthar cothrom rochtana do gach eolas, ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus tacaíocht phobalbhunaithe d'oiliúint maidir le litearthacht agus léitheoireacht. Lean ***Ag Leathnú Amach: Treoracha don tSochaí 2008*** an straitéis sin.



*Ag mealladh líon mór úsáideaoirí de gach aois*

Chuir na straitéisí in ***Ag Leathnú Amach*** creat ar fáil chun cruth nua-aimseartha a chur ar an tseirbhís leabharlainne poiblí agus chun seirbhís a chruthú atá níos cosúla leis an tseirbhís atá ar fáil i dtíortha eile san AE. Idir 1998 agus 2012, d'infheistigh an státchiste €131 milliún i bhfoirgnimh leabharlainne; chuir na húdaráis áitiúla leis an gciste agus tógadh 95 leabharlann ar fud na tíre. Rinneadh infheistíocht in TFC agus caitheadh níos mó airgid ar bhunábhar. Cuireadh catalóga, acmhainní, agus ábhar staidéar áitiúla i bhfoirm dhigiteach ar fáil ar líne don phobal. Baineadh i bhfad ní ba mhó úsáide as an tseirbhís de thairbhe na hinfheistíochta seo – tháinig borradh 55% ar an ábhar agus, tháinig borradh 15% ar chuairteanna chuig na leabharlanna idir 2008 agus 2012.

In ***Deiseanna do Chách, Straitéis Leabharlann Phoiblí 2013-2017***, leagadh síos togra uaillmhianach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh agus seirbhís leabharlainne a sholáthar chun freastal ar riachtanais eolais, foghlama agus cultúrtha na ndaoine agus na bpobal. Forbraíodh an straitéis i gcomhthéacs an mheathlaithe eacnamaíoch agus spreagthaí an rialtais maidir le fás agus seasmhacht eacnamaíoch. Cuireann sí le rath na straitéisí roimhe seo agus aithnítear inti trí théama straitéiseacha: forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha. Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht ar mhéid ní ba lú ná mar a tharla cheana, agus ag an am céanna, leanadh ar aghaidh le forbairt seirbhíse nua. Dhírigh sé ar fhorbairt seirbhíse sna leabharlanna poiblí a d'fheadfadh freastal ar riachtanais na bpobal.

D'fhorbair ***Deiseanna do Chách*** líonra leabharlann a mhéadódh le téarnamh eacnamaíoch na tíre trí eolas, scileanna foghlama agus cruthaíocht a chur ar fáil, agus treoir a thabhairt i dtreo rochtana ar fhaisnéise, smaointe agus eolas den scoth. Ar an dara dul síos, thug sé tacaíocht d'fhorbairt shóisialta, féinmhuinín a chruthú, folláine pobail agus comhtháthú pobail. Faoi dheireadh, rinneadh iarracht iad a bheith mar ghníomhaithe forbartha cultúrtha, agus mar ionad forbartha cultúrtha na bpobal, ag caomhnú agus ag glacadh le cultúir éagsúla agus chun deiseanna um fhorbairt chruthaitheach agus comheispéireas cultúrtha a chur ar fáil.

Idir 2013 agus 2017, cuireadh 45 leabharlann nua nó athfhorbartha ar fáil – soláthraíodh 29 díobh siúd idir an rialtas agus údaráis áitiúla, agus soláthraíodh na 16 cinn eile ag údaráis áitiúla amháin.

Tháinig borradh 15% ar chaiteachas ar líon leabhar, ó €7.7 milliún in 2012 go €8.8 milliún in 2016; ag an am céanna, tháinig borradh beagnach 500,000 ar líon na gcuairteanna chuig leabharlanna ó 16.8 milliún in 2012 go 17.3 milliún in 2016.

Faoi 2017, bhí teacht ag ball leabharlainne agus lucht úsáide ar 330 brainse leabharlainne agus ar 31 leabharlann taistil ar fud 31 údarás áitiúil. Bhí deis acu níos mó ná 12 milliún leabhar a fháil tríd an gcatalóg náisiúnta agus tríd an tseirbhís dáileacháin ábhair.

## An tSeirbhís Leabharlainne Poiblí in 2017

Is í atá sa leabharlann phoiblí ná –

- seirbhís atá anois saor in aisce do chách ar fud na tíre;
- seirbhís áitiúil a bhfuil aimsiú aici ar bhonn náisiúnta – is féidir leis na baill úsáid a bhaint as seirbhísí leabharlainne, leabhair a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais ina measc i leabharlann ar bith sa tír;
- catalóg leabharlainne poiblí náisiúnta lena dtacaíonn seirbhís seachadta náisiúnta – is féidir earraí a chur in áirithe ar líne nó trí chuairt a thabhairt agus seolfaidh siad iad go dtí an leabharlann áitiúil gan mhoill – ***an chéad seirbhís náisiúnta dá leithéid ar fud an domhain***;
- rochtain ar bhailiúchán fairsing acmhainní ar líne atá saor in aisce, ina measc tá –
  - breis agus 400 cúrsa ríomhfhoghlama agus 80 cúrsa teanga ar líne;
  - 17,000 ríomhleabhar agus 7,000 ríomh-chlosleabhar digiteach; agus
  - 300 irisleabhar idirnáisiúnta agus 1,300 nuachtán inrochtana;

## PRÓIFÍL REATHA LEABHARLANNA

**330** craobhhacha leabharlainne agus **31** leabharlann taistil

thar 31 údarás áitiúil

**754,748** baill

i 2016

**45** craobhacha leabharlainne nua ó

sínithe idir 2012 agus 2017

Caiteachas ar stoc **méadaithe** **15%**

ó €7,678,118 i 2012 go

**€8,819,676**

i 2016

- seirbhís a chuireann clár náisiúnta liteartha agus léitheoireachta ar fáil – ***An Ceart chun Léitheoireachta*** – trí sraith sheirbhísí agus acmhainní;
- a chuireann clár náisiúnta ***Work Matters*** ar fáil, clár seirbhíse don ghnó agus d'fhostaíocht a thugann tacaíocht d'fhiontraithe áitiúla, gnólachtaí nuathionscanta agus cuardaitheoirí poist;
- a fheidhmíonn faoi shraith ***Caighdeáin agus Tagarmharcanna Náisiúnta Leabharlainne Poiblí*** a threoraíonn forbairt na seirbhíse leabharlainne;
- a chuireann an tionscnamh ***Éire Shláintiúil ag do Leabharlann*** ar fáil – a chothaíonn eolas ar shláinte i leabharlanna poiblí, a sholáthraíonn leabhair, ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus ríomhirisleabhai ar chúrsaí sláinte agus folláine chomh maith le comhráite, díospóireacht agus ceardlanna atá dírithe ar shláinte choirp, meabhairshláinte agus sláinte litearthachta; agus
- a bhfuil ról suntasach cultúrtha acu, mar shampla, ag soláthar agus ag comhordú ***Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2022*** agus ***Éire Ildánach 2017-2022*** araon.

**17,983,358**

**earraí eisithe** i 2016

**17,270,751**

cuairt ar leabharlanna
i 2016

I 2016, bhí ball leabharlann in ann

**níos mó na 12 miliún leabhar**

a raibh ar fáil mar chuid den chatalóg náisiúnta agus an córas dáilte



*Réimse fairsing achmhainní agus seirbhísí d'obair, d'fhóillíocht, d'fhoghlaim agus do chruthaitheacht*

# Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Straitéis Leabharlainne Poiblí

Rinneadh dul chun cinn suntasach faoi na trí straitéis roimhe seo – ***Ag Leathnú Amach, Treoracha don tSochaí*** agus ***Deiseanna do Chách*** ina raibh comhghnéithe a nascann le chéile iad i gcaitheamh na dtrí thréimhse straitéise. Bunaíodh gach straitéis ar dhul chun cinn a réamhtheachtaí, ag iarraidh seirbhís leabharlainne a fhorbairt a ghlac le deiseanna teicneolaíochta, agus riachtanais lucht úsáide agus a bhí inrochtana do dhaoine agus don phobal.

Baineadh a lán amach ó foilsíodh an chéad straitéis i 1998; ach de bharr athruithe sa tsochaí, dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta agus tuilleadh ionchais ag na baill agus ag lucht úsáide, caithfidh na leabharlanna fás agus forbairt a dhéanamh chun dul i ngleic leis na hionchais i sochaí atá de shíor ag athrú.

Tá an straitéis nua ag lorg cur le luas na n-éachtaí a baineadh amach faoi na straitéisí roimhe seo. Dhírigh ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** ar fhorbairt leanúnach sa tseirbhís leabharlainne mar sheirbhís lárnach den 21ú haois i gcroílár na bpobal, agus ag an am céanna, ag glacadh leis na straitéisí a chuaigh roimhe. Díríodh ar na trí chlár straitéiseacha – *forbairt léitheoireachta agus litearthachta, forbairt eolais agus faisnéise agus forbairt pobail agus chultúrtha*.



Lebharlann Loch Buí, Cill Chainnigh

## COMHAIRLIÚCHÁN

Léiríonn *Na Cláir Straitéise* agus na *hÁisitheoirí Straitéise* toradh na gcomhairliúchán fairsing.

Áiríodh leis seo comhairliúchán poiblí idir Nollaig 2017 agus Feabhra 2018. Fuarthas ní ba mhó ná 200 freagra agus aighneacht agus tá siad le feiceáil sa straitéis. Bhí tuairimí agus ionchur faoin tseirbhís leabharlainne á lorg sa chomhairliúchán poiblí, faoi na hathruithe riachtanacha, faoi acmhainní agus faoi bhac agus faoi rochtain. Tá an straitéis múnlaithe chomh maith ag ionchur ón méid seo a leanas –

- **deich bhfócasghrúpa** ceaptha chun tuairimí lucht úsáide a chur san áireamh;
- **ceithre cheardlann d'fhoireann leabharlainne** – a bhí ar oscailt don fhoireann leabharlainne poiblí go léir – chuir comhairliúcháin foirne in údaráis áitiúla aonair leo seo;
- **trí cheardlann áitiúla ina raibh baill thofa áitiúla** i láthair agus a d'éascaigh Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann;
- trí cheardlann déanta suas de **ardbhainisteoirí ó leabharlanna poiblí agus ó rialtas áitiúil**.

Tá tuairisc ar an bpróiseas comhairliúcháin foilsithe leis féin.

# 3.


# ÁR BHFÍS, ÁR LUACHANNA AGUS ÁR NUAILLMHIANTA

## Fís

Is ionaid tharraingteacha fháilteacha iad leabharlanna poiblí, áiteanna inar féidir le gach ball den phobal eolas, smaointe agus faisnéis a fháil agus áiteanna inar féidir leo machnamh agus caidreamh a dhéanamh agus foghlaim.


## LUACHANNA LEABHARLANNA POIBLÍ

D'aithin comhairliúchán ar an straitéis na príomhluachanna agus príomhphrionsabail seo a leanas a cheap an fhoireann agus úsáideoirí a bhain leis an tseirbhís leabharlainne:




## Luachanna

Is acmhainn cathartha í an leabharlann, fadbhunaithe sa phobal. Tugann an leabharlann tacaíocht do shaol phobail agus féinfhorbairt. D'aithin an tseirbhís leabharlainne luachanna a chuireann cruth ar bhunú sheirbhís leabharlainne poiblí.




An tAire Michael Ring, Lainseáil Leabharlann Charraig Phiarais





*Áit sprice sa cheantar, le cumhacht náisiúnta*

# Ár nUaillmhian

Le linn na gcúig bliana atá romhainn amach, cuirfimid leis an mbranda láidir agus iontaofa. Neartóimid an tseirbhís leabharlainne atá ag croílár an phobail chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh –

- an leabharlann a neartú mar ionad fáilteach aithnidiúil sa cheantar, áit a bhfuil foireann oilte chun treoir agus tacaíocht a thabhairt thar réimse fairsing, ina measc –
  - léitheoireacht agus litearthacht;
  - foghlaim ar feadh an tsaoil do gach aois;
  - gnó agus fostaíocht;
  - maireachtáil shláintiúil agus fholláin;
- an leabharlann a léiriú mar áit a bhfuil muinín as i gcroílár an phobail, áit a dtagann daoine le chéile, agus a gcuirtear seirbhísí agus acmhainní ar fáil do chách ag amanna atá oiriúnach dóibh;
- an leabharlann a bheith inrochtana ag cách, an próiseas iontrála a dhéanamh níos éifeachtaí, agus rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí pobail;
- teicneolaíocht, acmhainní, uaireanta oscailte agus taithí lucht úsáide a fheabhsú, chun seirbhís níos fearr a sholáthar do níos mó daoine; agus
- úsáid na leabharlainne agus líon na mball a mhéadú ó 16% den daonra go 30%.

# Ag infheistiú don todhchaí

## COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Ba chóir breathnú ar leabharlanna poiblí na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne maidir le cinniúintí éagsúla um sheirbhísí leabharlainne náisiúnta.

Le deich mbliana anuas, tháinig an-laghdú ar sheirbhísí leabharlainne i gceantar áirithe, an Ríocht Aontaithe agus cuid de na Stáit Aontaithe ina measc. Mar thoradh, tháinig laghdú ar úsáid leabharlainne, ar iasachtú leabhair, dúnadh leabharlainne, agus tháinig laghdú ar uaireanta oscailte. I gcásanna áirithe, feidhmítear leabharlanna mar ionaid éighníomhacha gan mórán idirghabhála ón bhfoireann cé gur glacadh isteach foireann dheonach chun leabharlanna poiblí a reáchtáil le tacaíocht laghdaithe chistithe agus acmhainní ón rialtas láir agus ón rialtas áitiúil.

Bhí eispéireas measctha ag tíortha eile. Tháinig borradh ar an lucht úsáide sa Ghearmáin le blianta beaga anuas; mar sin féin, níor tháinig borradh den chineál céanna ar chistiú, agus dá bharr, tá níos mó daoine ag baint úsáide as seirbhís theoranta. San Ísiltír, tá méadú ar chistiú leabharlann mar réiteach faidhbe ionaid pobail dhruidte ar fud na tíre.

Tá níos mó tábhachta ag baint le leabharlanna san Iorua agus san Fhionlainn, cé go ndíríonn siad ar rudaí éagsúla. San Iorua, leagtar an bhéim ar léitheoireacht agus litearthacht dhigiteach, ach san Fhionlainn. leagtar an bhéim ar ról na leabharlainne mar spás pobail.

## COMHTHÉACS ÉIREANNACH

Is áis luachmhar náisiúnta í an tseirbhís leabharlainne in Éirinn, a fhaigheann tacaíocht ón rialtas láir agus an rialtas áitiúil chun an tseirbhís a fhorbairt. Cé go bhfuil an tseirbhís ag dul ó neart go neart faoi láthair, beidh dúshláin le sárú sna blianta atá le teacht.

Tá cumas suntasach ann chun líon na mball, arb ionann sin agus 16% den daonra faoi láthair, a mhéadú. Tá líonra maith leabharlainne de 330 brainse ar fud na tíre, ach tá gá le líon mór foirgneamh a atógáil, a fhairsingiú nó a athfhorbairt, agus tá roinnt bearnaí sa tseirbhís ar fud na tíre. Tá athsholáthar ag teacht ar líon na mball, agus an t-easnamh scileanna sa lucht saothair a laghdaíodh de bharr na géarchéime eacnamaíochta. Bhí srian curtha ar chumas leabharlainne poiblí freastal ar riachtanais an lucht úsáide de bharr easpa cistithe, tá acmhainn theoranta acu úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus tá éagothroime bhonneagair, TFC agus seirbhíse i measc na rialtas áitiúil.

## DEISEANNA D'FHÁS

Tá bonn láidir faoin tseirbhís leabharlainne. Is ceannródaí í, agus is comhartha iontaofa láidir í. Is acmhainn phobail luachmhar í a chuireann rochtain saor in aisce ar fáil do gach leabharlann agus leabharlann taistil. Tá lucht saothair díograiseach ag oibriú sa struchtúr agus tá borradh ag teacht ar leibhéil foirne gach bliain faoi ***Deiseanna do Chách***. Tugadh seirbhísí nua agus nuálach agus acmhainní nua isteach agus forbraíodh caidreamh tábhachtach náisiúnta agus áitiúil chun tacú le soláthar na seirbhísí agus na n-acmhainní seo. In ainneoin ballraíocht ghníomhach íseal, bhí méadú ar líon na gcuairteanna ón lucht úsáide ó 16.7 milliún in 2012 go 17.2 milliún in 2017. Níos tábhachtaí fós tá tiomantas láidir ann idir an rialtas áitiúil agus an rialtas láir chun tacaíocht a thabhairt, forbairt a chothú, agus an tseirbhís a chistiú mar sheirbhís ilfheidhmeach i gcroílár an phobail.

## AG FORBAIRT NA SEIRBHÍSE

Cé go bhfuil dúshlán ann chun dul i ngleic le riachtanais athraitheacha na sochaí, tá cumas suntasach aici forbairt a dhéanamh mar sheirbhís nua-aimseartha ábhartha den scoth le linn na gcúig bliana amach romhainn. Le leas a bhaint as seirbhís a chomhlíonann riachtanais an lucht úsáide, beidh na rudaí seo leanas de dhíth –

- foireann atá oiriúnach, oilte agus muiníneach;
- foirgnimh atá oiriúnach don fheidhm, agus a léiríonn caighdeáin na seirbhíse;
- seirbhís leabharlainne gan bac ar rochtain ná ar úsáid; agus
- leabharlanna a bhfuil an cumas teicneolaíochta acu chun na seirbhísí agus na hacmhainní atá riachtanach do shochaí nua-aimseartha a chur ar fáil.

# FÍS DON SEIRBHÍS LEABHARLAINNE 2022

Spás cathartha **geal, tarraingteach, fáilteach**

Féinseirbhís le **níos mó uaireanta oscailte**

Ionad lárnach, **inrochtana agus infheicthe**

**Teicnealaíocht dhititeach cheannródaíoch** chun na seirbhíse a fheabhsú agus ar fáil don lucht úsáide le tacaíocht ón fhoireann

**Lárionad** de sheirbhísí pobail go léir

**Seirbhís soar in aisce**, gan fíneálacha gan táillí

Faoi mheas an phobail agus **riachtanach don phobal**

**Foireann chairdiúil, oilte,** ag tabhairt tacaíochta agus treorach don lucht úsáide ar fud na leabharlainne

Ag mealladh líon mór **úsáideaoirí de gach aois**

**Réimse fairsing achmhainní agus seirbhísí** d'obair, d'fhóillíocht, d'fhoghlaim, agus do chruthaitheacht ar line agus sa leabharlann

**Áit chruinnithe**, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil

**Áiseanna sealaíochta** deisce

Áit sprice sa cheantar, le **cumhacht náisiúnta**

Ag mealladh agus ag tabhairt tairbhe do **chónaitheoirí agus úsáideaorí sa cheantar**

Ionad **chruthaitheachta agus chultúir**

Sna cúig bliana amach romhainn –

- tabharfaimid tacaíocht don fhoireann leabharlainne lena gcuid scileanna a fhorbairt agus le seirbhísí a fheabhsaíonn taithí an fhoghlaimeora a sholáthar;
- infheisteoimid i mbonneagar leabharlainne chun ár spriocanna a bhaint amach;
- forbróimid clár cistithe nua chun seirbhísí leabharlainne agus acmhainní atá bunaithe ar an teicneolaíocht is déanaí a sholáthar;
- cuirfimid deireadh le fíneáil agus táillí iasachta don bhallraíocht agus don lucht úsáide;
- déanfaimid caidreamh le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun seirbhís níos eagraithe, níos éifeachtaí agus níos inmharthana a sholáthar;
- infheisteoimid sa tseirbhís leabharlainne ar leibhéil áitiúla agus náisiúnta chun branda na leabharlainne a láidriú; agus
- oibreoimid le comhpáirtithe áitiúla chun réimse na seirbhísí agus na n-acmhainní a chur ar fáil don phobal go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas nó atá ar an imeall.

## CLÁR STRAITÉISE AGUS ÁISITHEOIRÍ

Leagann an straitéis amach **trí chlár straitéise chun forbartha seirbhíse:**

**Léithroireacht agus Litearthacht**

**Foghlaim agus Fáisnéis**

**Pobal agus Cultúr**

**Thacaigh sé áisitheoir straitéise** le cur i bhfeidhm na forbairtí seo:

- Bonneagar agus seachadach seirbhíse
- Foireann leabharlainne
- Ardú céime agus margaíochta
- Bailiúcháin
- Taighde agus forbairt
- Cistiú

# Ag Spreagadh, ag Ceangal agus ag Cumasú Pobal – Ár leabharlanna in 2022

Tá an straitéis dírithe ar fhorbairt na seirbhíse leabharlainne mar sheirbhís phoiblí nua don 21ú haois agus, ag an am céanna, cur le feidhmeanna leabharlainne atá seanbhunaithe agus ag cur le dea-chleachtas.

Ag a chroílár, tá ***trí Chlár Straitéiseach*** aitheanta trí phróiseas taighde agus comhairliúcháin fhairsing a d’fhiosraigh dea-chleachtas idirnáisiúnta agus a chuir tuairimí an phobail, na n-ionadaithe tofa, na foirne leabharlainne, na bainistíochta agus ranna rialtais agus eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara. Cuireann na cláir straitéise seo leis an dul chun cinn a rinneadh faoi ***Deiseanna do Chách*** ag méadú ról na leabharlainne mar sheirbhís phoiblí riachtanach agus ag tabhairt tacaíochta do phobail fás agus forbairt ionas gur féidir leo tabhairt faoi na dúshláin atá cruthaithe ag sochaí nua-aimseartha.

Tugann na ***sé Áisitheoir Straitéise*** tacaíocht do na *Cláir Straitéiseacha* ag léiriú na réimsí atá le forbairt chun spriocanna agus uaillmhianta an chláir a bhaint amach.




Leabharlann Charraig Phiarais, Port Láirge

# 4.

# NA CLÁIR STRAITÉISEACHA

Na *trí Chlár Straitéiseacha* – Léitheoireacht agus Litearthacht, Eolas agus Foghlaim, agus Pobal agus Cultúr – léiríonn na straitéisí seo ról na leabharlainne poiblí sna réimsí seo agus na spriocanna atá againn sna cúig bliana amach romhainn.

## 1. Clár Straitéise – Léitheoireacht agus Litearthacht

Tá leas fadtéarmach sóisialta, oideachasúil, agus eacnamaíoch ag baint le scileanna láidre litearthachta. Bhí na leabharlanna poiblí chun tosaigh le tacaíocht a thabhairt agus le forbairt scileanna litearthachta , léitheoireachta, cruthaitheachta agus nuálaíochta, agus ag cuidiú le daoine a gcumas a bhaint amach.

Tá sé tábhachtach forbairt léitheoireachta agus litearthachta a choimeád mar fheidhm lárnach na seirbhíse leabharlainne poiblí. Déanann an straitéis nua iarracht eagar agus leanúnachas a thabhairt do ról na leabharlainne chun litearthacht a fhorbairt agus chun cur leis an obair atá tosaithe cheana féin faoin tionscnamh litearthachta ***An Ceart chun Léitheoireachta***.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

1. Bunóimid an leabharlann mar lárionad forbartha léitheoireachta agus litearthachta sa phobal.

2. Cuirimid chun cinn leas litearthachta agus léitheoireachta do chách agus tabharfaimid deiseanna do dhaoine forbairt mar dhaoine liteartha agus mar dhaoine eolacha.

> *Leanaí agus daoine fásta a spreagadh níos mó a léamh. Áit tearmainn, chun scíth a ligean, chun machnamh a dhéanamh, chun éalú ónár saol gnóthach agus ó scáileáin!*
>
> *Audrey Mc Cormack*




Leabharlann Shráid an Phiarsaigh, Cathair Bhaile Átha Cliath



Leabharlanna Thiobraid Árann

## AN CEART CHUN LÉITHEOIREACHTA – TIONSCNAMH LITEARTHACHTA TRASRIALTAS ÁITIÚIL

Is comhthionscnamh trasrialtais é *An Ceart chun Léitheoireachta* a sholáthraínn creat comhordaithe náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt litearthachta agus léitheoireachta i ngach údarás áitiúil. Tá sé cistithe den chuid is mó ag na húdaráis áitiúla agus curtha i bhfeidhm ag *Pleananna Gníomhaíochta an Chirt chun Léitheoireachta* i ngach cathair agus contae. Tugann *An Ceart chun Léitheoireachta* tacaíocht d'fhorbairt litearthachta do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do leanaí agus soláthraínn sé seirbhísí lárnacha, acmhainní agus tionscnaimh do réimse lucht úsáide.

## CLÁR AN CEART CHUN LÉITHEOIREACHTA DHÚN NA NGALL 2017

Sa bhliain 2017, dhírigh Seirbhís Leabharlainne Contae Dhún na nGall ar thacaíocht a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh – cuimsithe i *bPleananna Gníomhaíochta an Chirt chun Léitheoireachta*, bhí *Spring into Storytime* inar ghlac ní ba mhó ná 280 duine páirt, *Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh* i rith an tsamhraidh inar ghlac 2,300 duine páirt agus bhí lucht éisteachta de bhreis ar 7,100 ag an *Féile Ealaíon agus Leabhar Wainfest* . Reáchtáladh tionscnamh eile le comhpháirtithe, ina measc *Bookworm Babies* agus *Creating Lifelong Readers le Lifestart*, chomh maith le cláir do scoileanna, ar nós *Chath na Leabhar* agus *Bite Size Books*.

# 2. Clár Straitéiseach – Foghlaim agus Eolas

Tugann Leabharlanna Poiblí tacaíocht do agus éascaíonn siad foghlaim, soláthraíonn siad rochtain ar eolas agus tacaíocht chun scileanna nua a shealbhú. Tá na seirbhísí seo ar fáil do gach duine sa phobal trína mbrainse leabharlainne áitiúil. Is ról lárnach den tseirbhís leabharlainne é bheith ag tabhairt eolais agus treorach do dhaoine agus iad ag lorg eolais. Is treoraithe den scoth iad foireann na leabharlainne agus is féidir leo a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá faighte oiriúnach, ábhartha agus go dtugann sé tacaíocht don lucht úsáide agus iad ag tabhairt faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus ag lorg comhairle faoi obair nó gnó agus faoi mhaireachtáil fholláin.

## FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Tá an leabharlann phoiblí oiriúnach chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim leanúnach i gcúrsaí litearthachta agus i litearthacht dhigiteach trí chláir agus rochtain a chur ar fáil ar eolas riachtanach agus ar theicneolaíocht cumarsáide. Is féidir leis an leabharlann cuidiú suntasach a thabhairt do spriocanna foghlama an lucht úsáide trí chúrsaí foirmiúla agus cúrsaí féintreoraithe a sholáthar.

Tá próifíl aoise na hÉireann ag athrú. Táthar ag súil le méadú ar dhaonra mhuintir na hÉireann atá 65 bliana d'aois agus níos sine go 20% den daonra idir an t-am i láthair agus 2036[2]. Cruthaíonn foghlaim ar feadh an tsaoil buntáistí suntasacha do dhaonra atá ag dul in aois maidir le caighdeán na beatha níos fearr, ní hamháin do na daoine iad féin ach dóibh siúd thart timpeall chomh maith.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**3** Tugaimid deiseanna don lucht úsáide go léir páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí sheirbhísí a sholáthar a forbraíodh trí chomhoibriú le páirtithe náisiúnta agus áitiúla.

> *Áit síochána, mhuintearais agus foghlama.*
>
> *Patricia Lyons, Tara Book Company*

2 Plean Straitéiseach Aoisghníomhaíocht Éireann 2016-2018
https://www.ageaction.ie/sites/default/files/attachments/age_action_strategic_plan_2016_-_2018.pdf



Leabharlanna Cathrach Chorcaí

## LEABHARLANNA CHATHAIR CHORCAÍ – AG CROÍLÁR NA CATHRACH FOGHLAMA

Le 125 bliain anuas, tá leabharlanna Chathair Chorcaí ina bpríomhacmhainn foghlama sa chathair. De réir mar a éiríonn foghlaim ar feadh an tsaoil níos tábhachtaí san 21ú haois, agus a éiríonn riachtanais na bhfoghlaimeoirí níos éagsúla agus níos pearsanta, d'fhorbair leabharlanna Chathair Chorcaí chun riachtanais foghlama leanaí agus daoine fásta a chomhlíonadh. Soláthraíonn foireann den scoth, bailiúcháin leathana agus ionaid foghlama inrochtana na scileanna eolais agus faisnéise atá de dhíth ar mhuintir Chathair Chorcaí, chomh maith le scileanna don ionad oibre chun iad féin a chur chun cinn agus a theastaíonn ó fhorbairt eacnamaíochta na cathrach. Tosaíonn na scileanna seo le gach cineál litearthachta – scileanna digiteacha, scileanna cultúrtha agus eolais – chomh maith le scileanna cumarsáide, scileanna smaointeoireachta criticiúla agus réiteach fadhbanna, scileanna cruthaitheachta agus nuálaíochta.

Tá Cathair Chorcaí ainmnithe mar Cathair Fhoghlama UNESCO, ceann de na trí cinn san Eoraip. Reáchtáil cathair Chorcaí an *Chomhdháil Idirnáisiúnta um Chathair Fhoghlama de chuid UNESCO* i Meán Fómhair 2017 an chéad uair a tharla an eachtra seo san Eoraip. Reáchtáil Leabharlanna Chathair Chorcaí seisiúin agus imeachtaí speisialta. Tá siad fós páirteach i roinnt de na himeachtaí foghlama sa chathair: an *Féile Foghlama ar feadh an tSaoil, Bealtaine*, féile do dhaoine fásta agus réimse tionscnamh um oideachas aosach a thugann tacaíocht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tugann na leabharlanna ionad agus tacaíocht do ranganna eagraithe ag *Ionad Oideachais Leanúnaigh do Dhaoine Fásta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh* agus *Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí*.

### EOLAS

Is tacaíocht riachtanach í rochtain ar fhaisnéis, agus treorú daoine atá ag lorg faisnéise d'fhoghlaim, d'fhorbairt agus d'fholláine. Is feidhm lárnach den tseirbhís leabharlainne í seo, ach is feidhm é gur gá athshamhlú má tá an leabharlann chun cuidiú le lucht úsáide teacht ar an iliomad foinsí eolais atá ar fáil sa lá atá inniu ann, idir fhoinsí cruachóipe agus ar líne.

## FOGHLAIM AR FEADH

Faoi deireadh 2014, ghlac

**7.3%**

d'aosaigh Ghaelach idir 25 agus 64 bliana d'aois páirt i **bhfoghlaim ar feadh an tsaoil**.

Tá tagarmharc leagtha síos ag an AE, go nglacfaidh

**15%**

**d'aosaigh idir 25 agus 64 páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil[3] faoi 2020.**

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**4** Bunóimid an leabharlann mar '*spriocionad*' chun teacht ar fhaisnéis agus scileanna cuardaigh eolais.

**5** Tabharfaimid tacaíocht don lucht úsáide a bheith neamhspleách agus iad ag lorg faisnéise agus ag déanamh taighde, ag tabhairt moltaí dóibh agus ag cumasú rochtana ar acmhainní taighde.

### WORK MATTERS: SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GNÓ AGUS FOSTAÍOCHTA

Is seirbhís nuálach í ***Work Matters*** atá curtha ar fáil ag leabharlanna i ngach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil. Tugann sé tacaíocht, in éineacht le páirtithe áitiúla, do dhaoine atá ag lorg oibre nó a bhfuil gnólachtaí beaga á gcur ar bun nó á bhforbairt acu. I measc na bpáirtithe áitiúla tá an ***Oifig Fiontair Áitiúil*** (OFA), seirbhís ***INTREO***, an ***Bord Oideachais agus Oiliúna*** (BOO) agus ***Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh***. Tá an tseirbhís faoi chúram chomheagraí *Work Matters* i ngach limistéar údaráis áitiúil.

I measc phríomhghnéithe ***Work Matters*** tá –

- ionaid thiomanta ina bhfuil ríomhairí, leathanbhanda agus Wi-Fi, áiseanna priontála agus scanta;
- leabhair agus acmhainní ar líne chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí fostaíochta agus gnó;
- foireann shaineolach a thugann tacaíocht trí na hacmhainní cuí agus an fhaisnéis áitiúil a chur in iúl; agus
- imeachtaí agus cláir faoi ghnó agus cúrsaí oibre.

3 SOLAS report on Lifelong Learning among Adults in Ireland, Quarter 4 2014. http://solas.ie/solaspdflibrary/lifelonglearningq42014May2015.pdf

Is suntasach an tairbhe phearsanta agus eacnamaíoch don lucht úsáide, fuarthas aiseolas thar barr maidir leis an tseirbhís ón lucht úsáide agus tá an tseirbhís ag dul i méid i ngach réimse.

## CLÁR WORK MATTERS LOCH GARMAN

Tugann ***Clár Work Matters Loch Garman*** tacaíocht don ghnó i gceithre réimse – bonneagar, acmhainní, saineolas agus imeachtaí. Neartaigh oiliúint agus forbairt foirne é. Tá foireann na leabharlainne ag obair go gníomhach maidir le dul i dteagmháil leis an lucht úsáide.

Tá Work Matters curtha chun cinn go mór i suíomhanna pobail agus gnó trí bheith i láthair ag: *Seachtain Fiontraíochta Bhanc na hÉireann*, cúrsaí gnó *na hOifige Fiontair Áitiúil*, imeachtaí *Comhlachas Tráchtála* agus *Móraonach Gnó Loch Garman*.

Braitheann rath an chláir ar chomhpháirtíocht láidir le seirbhís *INTREO*, *an OFA,* Ionaid Fiontair, *BOO Phoirt Láirge* agus *Loch Garman* agus comhpháirtithe eile.

Tá borradh seasta ag teacht ar úsáid na n-acmhainní ar líne. Rinneadh 16,000 tuairisc, cáipéis agus taifead gnó a rochtain trí dheiseanna leabharlann Loch Garman. Bhí beagnach 400 duine i láthair ag imeachtaí *Work Matters* i leabharlann Loch Garman in 2017. Clúdaíodh CVanna, scileanna agallaimh, tionscnamh gnó, timpeallacht rialála, taighde margaidh agus pleanáil ghnó sna seisiúin.

**Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt *Work Matters* agus tacaíochtaí eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh –**

**6** Faisnéis a sholáthar ar chúrsaí gnó, cuardach poist agus ábhair eile bhaineann le hobair, dóibh siúd óna á dteastaíonn sé.

**7** A chinntiú go bhfuil teacht ag an lucht úsáide ar acmhainní a thacaíonn le fostaíocht, fiontraíocht agus cruthú gnó agus forbairt.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Is tosaíocht náisiúnta é feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine i ngach pobal ar fud na hÉireann. Tá na leabharlanna poiblí dea-shuite chun tacú le beartas an Rialtais sa réimse seo.

Is straitéis náisiúnta de chuid an Rialtais é ***Sláinte Éireann*** chun sláinte agus folláine a fheabhsú, ag cur béime ar chosc, feasacht aonair, agus daoine a choinneáil slán ar feadh tamall níos faide. Soláthraíonn leabharlanna poiblí an clár *Sláinte Éireann ag do Leabharlann* a thugann eolas ar shláinte agus folláine do phobail. Tá cistiú curtha ar fáil d'acmhainní agus sláinte agus folláine (cóip dhigiteach agus cruachóip araon) d'oiliúint foirne chun tacaíocht a thabhairt don tseirbhís ag *Ciste Shláinte Éireann*.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**8** Feabhsóimid eolas reatha sláinte trí leabhair nua agus bailiúcháin ar líne maidir le sláinte agus folláine a chur ar fáil, agus tabharfaimid tacaíocht do lucht úsáide chun an t-eolas a aimsiú.

**9** Soláthraímid acmhainní, imeachtaí eolais agus cláir chun daoine a spreagadh chun maireachtáil go folláin.




Leabharlann Bhéal an Átha, Maigh Eo

## 3. Clár Straitéise – Pobal agus Cultúr

Is ionad lárnach pobail agus gníomhaíochta cultúrtha í an leabharlann. Is catalaíoch samhlaíochta í, ag spreagadh agus ag gríosú na cruthaitheachta i measc pobal agus daoine óga agus aosta, agus a bhfuil cúlraí agus cumas éagsúil acu. Soláthraínn sí áit fháilteach agus chuimsitheach do dhaoine aonair agus do phobail, pobail nua nach bhfuil comhtháthaithe go hiomlán i sochaí na hÉireann go fóill san áireamh. Is seirbhís dhaonlathach í, ag glacadh le agus ag tabhairt tacaíochta do chách, beag beann ar aois, cumas, cultúr nó cúinsí pearsanta.

Tugann an leabharlann daoine le chéile, ag cuidiú le caidreamh i measc daoine agus cultúir, ag ceiliúradh éagsúlachta agus ag cothú comhchuibhis. Éascaítear forbairt phearsanta do chách, ag tabhairt réimse leathan tacaíochta a laghdaíonn imeallú de gach cineál, tacaíocht foghlama teanga, gníomhaíocht shóisialta agus chultúrtha, agus tacaíocht maidir le teicneolaíocht foghlama digití, léitheoireacht agus litearthacht.

Tá acmhainn shuntasach ann chun tionscnaimh for-rochtana teagmhála a chur ar fáil do dhaoine agus grúpaí atá deacair a aimsiú. Soláthraíonn an leabharlann phoiblí spás sóisialta dóibh siúd i bpobal uirbeach nó tuaithe atá scoite. Is féidir le comhoibriú le gníomhaireachtaí áitiúla agus le grúpaí pobail tionscnaimh a fhorbairt chun daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as an leabharlann.

Cuidíonn an leabharlann le caomhnú ár bhféiniúlachta náisiúnta. Tá ról seanbhunaithe, tábhachtach ag an tseirbhís leabharlainne i litríocht na hÉireann agus sa Ghaeilge a chur chun cinn. Soláthraítear rochtain ní hamháin trí na bailiúcháin fhairsinge, ach trí réimse leathan féilte agus imeachtaí i mesac an líonra brainsí. Bhí sé seo le feiceáil sa ról lárnach a bhí ag leabharlanna poiblí i léiriú *Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2022* agus *Éire Ildánach 2017-2022*[4]. Cuireann an leabharlann ionad fáilteach ar fáil, áit inar féidir le daoine teacht le chéile chun eispéiris chultúrtha éagsúla agus dearcthaí éagsúla a mhalartú de réir mar a fhorbraíonn an tsochaí chun glacadh le pobail agus cultúir nua.

## POBAL AGUS CULTÚR

Le linn thréimhse na straitéise, forbróidh an leabharlann phoiblí mar ionad spleodrach i gcroílár an phobail.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**10** Oibreoimid le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun leabharlanna a bhunú mar ionad pobail, cathrach agus cultúir laistigh dá gceantair áitiúla.

**11** Tabharfaimid tacaíocht do phobail eolacha agus ardóimid rannpháirtíocht chathartha ag gach cuid den phobal, pobail nua san áireamh.

**12** Daingneoimid ról leabharlainne poiblí mar íomhá phoiblí na n-údarás áitiúil.

> *Ba cheart go mbeadh áiteanna beo i leabharlanna – áiteanna a gcuirtear scríbhneoirí faoi agallamh, áit a léitear leabhair os ard, áit a gcuirtear plé ar bun faoi scríbhneoireacht nua, áit a léitear scéalta os ard i rith an deireadh seachtaine, áit ar féidir le scríbhneoirí óga a gcuid soathar a thástáil, agus áit a bhfiosraítear cumas ghlór an duine, ós é an gléas a bhronnann beatha ar fhocail.*
>
> *Marie-Louise O'Donnell, Seanadóir*

4 https://creative.ireland.ie/en/local-plans



DLR LexIcon, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## STAIDÉAR ÁITIÚIL AGUS LEABHARLANNA DIGITEACHA

Is caomhnóir na gcuimhní í an leabharlann phoiblí agus ise atá freagrach as taifid áitiúla cultúrtha agus stairiúla a chruthú, a chaomhnú agus a roinnt. Tá an leabharlann i gcónaí ag feabhsú bailiúcháin fhisiceach agus digiteach agus ag soláthar rochtana in Éirinn agus tharr lear.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**13** Baileoimid, pléimid, agus ceiliúraimid cuimhní cultúrtha na ndaoine áitiúla agus na bpobal áitiúil. Forbróimid bailiúcháin staidéir áitiúil agus forbróimid cartlanna trí chlár náisiúnta a chuireann rochtain dhigiteach bharrfheabhsaithe chun cinn.

# 5.

# ÁR LEABHARLANNA POIBLÍ 2022 – ÁISITHEOIRÍ STRAITÉISE

Éascóidh sé Áisitheoirí Straitéise gníomhartha faoi na trí Chlár Straitéiseacha –

1. Bonneagar agus Seachadadh Seirbhíse.
2. Foireann na Leabharlainne.
3. Promóisean agus Margaíocht.
4. Bailiúcháin.
5. Cistiú.
6. Taighde agus Forbairt.

## 1. Áisitheoir Straitéise – Bonneagar agus Seachadadh Seirbhíse

Tá infheistíocht athnuaite i bhfoirgnimh leabharlanna, i dteicneolaíocht agus fearas eile riachtanach ionas gur féidir le leabharlanna seirbhís den scoth a chur ar fáil, chun ballraíocht a mhéadú, chun lucht úsáide nua a mhealladh isteach agus chun ábharthacht na leabharlainne a chothú. Caithfidh foirgnimh na leabharlainne a bheith tarraingteach chun cur leis an tseirbhís den scoth. Tá infheistíocht in TFC, fearas agus bogearraí ríthábhachtach chun forbairt na leabharlainne mar sholáthraí seirbhísí digiteacha, forbairt scileanna digiteacha do phobail.

Caithfidh an tseirbhís leabharlainne freastal ar riachtanais réimse leathan daoine agus pobal agus caithfidh sí cuimsiú agus rannpháirtíocht a éascú do chách. Ba chóir go mbeadh comhdheis rochtana ar leabharlanna poiblí, ar sheirbhísí phoiblí agus ar acmhainní leabharlainne. Caithfear seo a sholáthar trí chóras eagraithe – sa chéad dul síos, tríd an dea-chleachtas atá ann cheana a chothú, ar an dara dul síos, trína chinntiú go gcuirtear riachtanais an lucht úsáide san áireamh, agus ar an tríú dul síos, trí chaidreamh nua a chothú le gníomhaireachtaí agus grúpaí áitiúla chun dul i ngleic le pobail atá ar an imeall nó atá faoi mhíbhuntáiste.

> *Ba chóir go ndéanfaí mol agus áit spleodrach den leabharlann áitiúil do dhaoine idir óg agus aosta.*
>
> *Ball Leabharlainne*

### FOIRGNIMH LEABHARLAINNE

Chun seirbhís leabharlainne fhorásach a chur ar fáil, agus chun riachtanais an lucht úsáide a chomhlíonadh, caithfidh foirgnimh na leabharlainne a bheith oiriúnach don fheidhm. Tá sé tábhachtach go mbeadh go leor spáis, agus go mbeadh leagan amach oiriúnach sna foirgnimh leabharlainne le haghaidh an réimse iomlán áiseanna, fearais agus teicneolaíochta atá riachtanach chun seirbhís leabharlainne a thugann tacaíocht do lucht úsáide de gach cineál a chur ar fáil, mar shampla, spásanna staidéar, criosanna foghlama do dhaoine fásta, teicneolaíochtaí cuidithe, spásanna nuálachaíochta, seomraí digiteacha, deasc shealaíochta.

**Déanfamid mar seo a leanas –**

**1** *Cloífimid le Caighdeáin agus Tagarmharcanna um Leabharlanna Poiblí* agus déanfaimid cinnte de go soláthraítear iad de réir riachtanais sochaí nua-aimseartha.

**2** Clár caipitiúil tógála a leathanú chun ár bhfís do *Ár Leabharlanna Poiblí* 2022 a bhaint amach.

## UAIREANTA OSCAILTE

Caithfear an leabharlann phoiblí bheith ar oscailt agus inochtana chun a croísheirbhísí a chur ar fáil. D'iarr cuid mhór de na daoine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar ní ba mhó uaireanta oscailte ar amanna atá oiriúnach don lucht úsáide. Tá an fhoireann leabharlainne ríthábhachtach i dtaobh seirbhís leabharlainne atá inrochtana agus solúbtha a sholáthar. Cuirfidh foireann leasaithe agus tuilleadh uaireanta oscailte, faoin fhoireann nó faoin tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* rochtain níos leithne ar an tseirbhís ar fáil do níos mó daoine den phobal.

Caithfear athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na huaireanta a bhíonn na leabharlanna ar oscailt chun coinneáil sna sála ar an lucht úsáide. Beidh uaireanta oscailte oiriúnacha, chomh maith le líon foirne leasaithe tábhachtach chun an sprioc le haghaidh na ballraíochta a mhéadú go 30% faoi 2022, a bhaint amach.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**3** Cinnteoimid go bhfuil foireann chairdiúil chabhrach sa leabharlann le linn na huaireanta oscailte chun freastal ar riachtanais an phobal.

**4** Méadóimid *Mo Leabharlann Oscailte* go dtí go mbeidh ar a laghad **100** brainse leabharlainne ann ar fud na tíre, agus é ina sprioc 200 brainse leabharlainne a bheith ann laistigh de dheich mbliana.

## MO SHEIRBHÍS LEABHARLAINNE OSCAILTE

Ón chéad bhliain na seirbhíse i 2015, tháinig méadú 183% ar uaireanta mo leabharlainne oscailte i Leabharlann Bheannchair agus méadú 76% ar líon cuairt i Leabharlann Thulach Mhór

**Tulach Mór**
**Co. Uíbh Fhailí**
**méadú**

**63%**

**in uaireanta** oscailte.

**Beannchar**
**Co. Uíbh Fhailí**
**méadú**

**85%**

**in uaireanta** oscailte.




*Féinseirbhís le níos mó uaireanta oscailte*

*Is í an Leabharlann Oscailte an áis is fearr a tháinig go Beannchar le blianta beaga anuas.*

*Sinead Sarah McDonagh*

## MO LEABHARLANN OSCAILTE

Cuireann Mo Leabharlann Oscailte uaireanta oscailte sínte don bhallraíocht ar bhonn féinsheirbhíse laistigh de ghnáthuaireanta oscailte, seacht lá sa tseachtain, ó 8am go 10pm, 365 lá sa bhliain.

Tá Mo Leabharlann Oscailte ar fáil i leabharlanna i mBeannchar agus i dTulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí agus i dTobar an Choire i Sligeach. Tá réimse iomlán seirbhísí ar fáil, ina measc, iasacht leabhair, áiseanna cruinnithe, spásanna staidéir, agus áiseanna TFC. Is féidir leis an lucht úsáide rochtain a fháil ar an tseirbhís ar amanna atá oiriúnach dóibhsean, agus neartaítear an leabharlann mar fhócasphointe le haghaidh rannpháirtíocht pobail.

Tá foireann ag oibriú i Mo Leabharlann Oscailte taobh amuigh de na huaireanta oscailte.

Leabharlann Thulach Mhór, Uíbh Fhailí




## ROCHTAIN

Is acmhainn shaor í an leabharlann ar ba chóir di bheith ar fáil do chách gan bac, gan táillí. Léiríodh go bhfuil drochthionchar ag baint le táillí agus fíneálacha ar úsáid leabharlainne ag leanaí agus ag daoine faoi mhíbhuntáiste.[5] Ina theannta sin, tá mionfhianaise ann go spreagann siad filleadh tráthúil – ina áit sin, d'fhéadfaidís baill a dhíspreagadh ó earraí atá thar téarma a thabhairt ar ais.[6] Ba chóir go mbeadh sé simplí, furasta agus oscailte do chách bheith mar bhall den leabharlann. D'fheadfaí seo a bhaint amach dá mbeadh córas ann a dhéanfadh próiseas uathoibríoch de chun ballraíocht a ghlacadh, ar an gcéad lá ar scoil, mar shampla.

5 DeFaveri, Annette, *Breaking Barriers: Libraries and Socially Excluded Communities*, (2005). http://www.libr.org/isc/articles/21/9.pdf

6 Meg Johnson Depriest, *Removing Barriers to Access: Eliminating Library Fines and Fees on Children's Materials*, 2016.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**5** Bainfimid fíneálacha agus táillí ón lucht úsáide, ag an am céanna, fiosróimid roghanna neamhairgid lena chinntiú go dtugtar an stoc leabar ar ais agus go gcaomhnaítear é.

**6** Glacaimid isteach córas uathoibríoch maidir le clárúchán uilíoch um ballraíocht leabharlainne.

## FORBAIRT DHIGITEACH

Is é an bhrí ghinearálta a bhíonn le deighilt dhigiteach ná neamhionannas maidir le rochtain ar an idirlíon agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide eile. Tugtar tús áite sa *Straitéis Dhigiteach Náisiúnta*[7] an bhearna seo a líonadh. Cuidíonn an leabharlann phoiblí leis an deighilt dhigiteach a réiteach trí ionaid foghlama digití a fhorbairt, a chuireann ceardlanna agus ceardlanna códaithe **STEAM** (Eolaíocht, Teicheolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic) ar fáil. Glacann sí ról tacaíochta atá ag éirí níos tábhachtaí de shíor, agus taispeántas á dhéanamh de theicneolaíochtaí digiteacha nua agus le rochtain á sholáthar ar theicneolaíocht dhigiteach idirghníomhach agus ar dheiseanna foghlama.

Sna chéad deich mbliana den chéad seo, trí infheistíocht a dhéanamh i rochtain ar an idirlíon, ríomhairí agus oiliúint foirne, bunaíodh leabharlanna mar ionaid áitiúla thábhachtacha a thacaíonn le forbairt scileanna digiteacha. Mar sin féin, tháinig laghdú ar infheistíocht in TCF de bharr na géarchéime eacnamaíochta, rud a d'fhág a lán leabharlann ag bráth ar áiseanna agus bogearraí seanaimseartha chun seirbhís nua-aimseartha a sholáthar.

> *Tá an cheathrú réabhlóid thionsclaíoch a chur ar sochaí. Le linn an ama seo caithfidh an tsochaí dul in oiriúint do bhealaí nua oibre agus cumarsáide. Tá baol ann, de bharr easpa tuisceana ar theicneolaíocht, nach mbeidh cuid den tsochaí in ann a mbealach a seoladh i ndomhain atá faoi cheannas mórshonraí…tá digitiú a dhéanamh ar tuilleadh acmhainní. Tá an dóigh chun eolas agus cultúir a léiriú ag athrú ón fhocal scríofa go fuaim, físeán, beochan agus grafaic fhaisnéise. Ag spreagadh daoine bheith páirteach sa nuálaíocht is déanaí agus ag tabhairt cuidiú leo in oiliúint úsáide na huirlisí digiteach tugann sé muinín dóibh bheith áisiúil sa tsochaí i gcoitinne.*
>
> *Beata Molendowska*

Bunóidh ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** an leabharlann mar chumasóir tábhachtach seirbhísí digiteacha agus mar éascaitheoir um fhorbairt scileanna digiteacha. Tá infheistíocht in TCF, fearas agus bogearraí riachtanach má tá an leabharlann chun tacaíocht a thabhairt d'éilimh dhigiteacha agus theicneolaíochta sochaí nua-aimseartha.

7 Department of Communications, Energy and Natural Resources, *Doing More with Digital, National Digital Strategy for Ireland Phase 1 – Digital Engagement*, (2013). https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/publications/Documents/63/National%20Digital%20Strategy%20July%202013%20compressed.pdf



*Teicnealaíocht dhititeach cheannródaíoch chun na seirbhíse a fheabhsú agus ar fáil don lucht úsáide le tacaíocht ón fhoireann*

Trí rochtain a chur ar fáil ar an teicneolaíocht is déanaí, priontáil 3T, réaltacht fhíorúil, agus teicneolaíocht líníochta digití arna dtacú ag foireann eolach san áireamh, is féidir leis an leabharlann phoiblí bheith mar lárionad cruthaitheachta agus nuálaíochta. Cruthóidh rochtain ar na teicneolaíochtaí seo seantaithí agus tabharfaidh sé misneach don lucht úsáide a bheith trialach, cruthaitheach agus nuálach.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**7** Cuirfimid clár uasghrádú agus forbairtí bonneagair TCF i bhfeidhm chun cuidiú le forbairt agus leathadh amach seirbhísí nua agus nuálach.

**8** Forbróimid ionaid foghlama digiteacha agus spásanna nuálaíochta i leabharlanna oiriúnacha i gcomhair le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta, agus soláthraímid oiliúint sna teicneolaíochtaí is nua-aimseartha don lucht úsáide.

**9** Comhoibrímid le dearthóirí, le saineolaithe bogearraí agus le déantóirí chun an fhoireann a oiliúint in úsáid na teicneolaíochta, chomh maith le ranga teagaisc a sholáthar don phobal.

Is féidir le hionaid foghlama digiteacha i leabharlanna timpeallacht a chruthú inar féidir leis an phobal teacht le chéile le foghlaim, le cruthú agus le hobair i slí idirgníomhach, comhoibríoch

Is féidir leo deis a thabhairt don lucht úsáide chun triail a bhaint as dearadh 3T, priontáil, dearadh gréasáin agus grafach, códú ríomhaire, déanamh ciorcaid agus dearadh cluiche. Tugann ionaid foghlama digiteacha spás do dhaoine gan muinín, triail a bhaint as teicneolaíocht, féachaint ar a bhfeidhmeanna agus éirí níos muiníní agus iad á úsáid acu.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA LEABHARLAINNE (LMS)

Is ceannródaí idirnáisiúnta í Éire maidir le soláthar seirbhíse agus rochtain ar bhailiúchán náisiúnta. Cuireann an LMS le tabhairt isteach seirbhísí nua a chuireann le taithí an lucht úsáide, ina measc cárta ballraíochta ar féidir a úsáid i leabharlann phoiblí ar bith in Éirinn agus do sheirbhís seachadta náisiúnta a dhéanann earraí a sheachadadh do leabharlanna agus a bhailiú ó leabharlanna. Soláthróidh seirbhísí mar Aip soghluaiste chun taithí an lucht úsáide a fheabhsú le linn thréimhse na straitéise.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**10** Feabhsóimid rochtain ar an LMS, chomh maith lena úsáid, dearfaimid suíomh gréasáin níos freagrúla agus níos feidhmiúla, chun taithí rochtana an lucht úsáide a chuíchóiriú agus an feidhmiúlacht chéanna a chuir ar fáil ar fud an chórais TFC.



Lár-Leabharlann Dhún na nGall, Dún na nGall

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA LEABHARLAINNE (LMS)

Is ceannródaí domhanda é an Córas Bainistíochta Leabharlainne i soláthar seirbhísí leabharlainne, córas a chuireann le nósanna imeachta um acmhainní a roinnt, a dhéanann éifeachtúlachtaí a sholáthar agus a dhéanann athrú ó bhonn ar an dóigh a ndéanann an pobal caidreamh leis an tseirbhís leabharlainne. D'athraigh an córas ó 31 córas ar leith go córas amháin a sholáthraíonn rochtain d'acmhainní ar fud na tíre.

Is féidir dóibh siúd atá ag baint úsáide as an chóras ar líne leabhair ó cheann ar bith de na 12 milliún leabhar atá ar fáil thar an líonra leabharlainne a chuir in áirithe nó a fháil ar iasacht. Is féidir leo teidil a chur in áirithe agus iad ar cuairt i leabharlann nó teidil a iarraidh ar líne.

Tá an LMS páirteach i seirbhís seachadta náisiúnta a seachadann agus a bhailíonn earraí (leabhair, DVD, agus araile) ó leabharlanna dhá uair sa tseachtain – is gnáth earraí atá curtha in áirithe a fháil taobh istigh de sheachtain.

Is féidir leis an lucht úsáide na hearraí a bhailiú ón chraobh ab fhearr leo laistigh de na 31 údarás áitiúil – is féidir leo na hearraí atá ar iasacht a thabhairt ar ais freisin chuig craobh ar bith ar fud na tíre.

## 2. Aistritheoir Straitéise – Forbairt Foirne Leabharlainne

Tá foireann na leabharlainne ríthábhachtach maidir leis an tseirbhís a chur ar fáil, an straitéis a chur chun feidhme agus fís **Ár Leabharlanna Poiblí 2022** a chomhlíonadh. Ba é díograis agus rannchuidiú fhoireann na seirbhíse leabharlainne a rinne í a chothú, agus a fheabhsú fiú, le linn na géarchéime eacnamaíochta. Tá an fhoireann thúslíne fíorbhródúil as an tseirbhís agus tá siad dóchasach maidir le forbairt na seirbhíse sna blianta atá amach romhainn.

Le linn thréimhse na straitéise, cuirfear níos mó béime ar rannpháirtíocht leis an gcustaiméir. Cuideofar leis an fhoireann a gcuid scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt, agus chun muinín agus cumas a chothú iontu le bheith ina gceannairí ní amháin do lucht úsáide leabharlainne ach dá gcuid comhghleacaí freisin.

I rith ceardlanna comhairliúcháin leis na foirne leabharlann, d'aithníodh go raibh cumarsáid éifeachtach riachtanach chun an straitéis a chuir i bhfeidhm. Is gné ríthábhachtach den tseirbhís leabharlainne go gcaithfear an fhoireann a choinneáil eolach agus cuimsithe i rith na gcéimeanna cur chun feidhme.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**11** Leanfaimid le clár cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le ceannaireacht agus forbairt foirne don fhoireann agus don bhainistíocht leabharlainne.

**12** Bunóimid struchtúr solúbtha cumarsáide síos tríd an fhoireann leabharlainne.

## 3. Áisitheoir Straitéise – Promóisean agus Margaíocht

Tá sé tábhachtach go leanann leabharlanna ar aghaidh lena gcuid seirbhísí a chur chun cinn i ndóigheanna éagsúla. Cé gur tharla athruithe suntasacha sa tseirbhís leabharlainne phoiblí sa 20 bliain a chuaigh thart, agus í ag bogadh amach ón tseirbhís thraidisiúnta iasachtaithe leabhar, léiríonn an tsuirbhé ***Shining a Light*** go bhfuil tuilleadh athruithe agus feabhais á lorg ag an bpobal ó thaobh na seirbhíse leabharlainne de, chun níos mó úsáide a ghríosú.[8]

Beidh teorainn le tionchar na seirbhísí, acmhainní agus teicneolaíochtaí nua mura bhfuil daoine ar an eolas fúthu. Caithfear pobail, ballraíocht agus lucht úsáide a chur ar an eolas faoin tairbhe atá ag baint le húsáid na leabharlainne i mbealach tarraingteach. Tá caidreamh láidir idir an tseirbhís leabharlainne agus páirtithe leasmhara áitiúla trí chlársceidealú straitéiseach a sholáthar maidir le litearthacht, gnó, sláinte agus folláine. Is féidir le leabharlann phoiblí an caidreamh seo a neartú, caidreamh nua a fhorbairt, modhanna chun comhpháirtíochta cuimsithe a leanúint, agus an leabharlann a chuir chun cinn mar acmhainn pobail atá ar fáil do chách

Forbraíodh cláir aitheantais náisiúnta faoi *Deiseanna do Chách*, ina measc *Leabharlanna Éireann, Feachtas caoin gCeart chun Cumais Léitheoireachta, Ábhar Saothair* agus *Éire Shláintiúil i do Leabharlann* Bhailigh na cláir seo aird na meáin agus is féidir iad a aithint go furasta óna ndearadh agus óna lógónna. Is tús láidir é seo i soláthar na seirbhíse leabharlainne, ag síneadh amach chuig cách in Éirinn agus ag spreagadh úsáid na leabharlainne ar fud na tíre.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**13** Forbróimid plean maidir le promóisean agus margaíocht áitiúil agus náisiúnta.

**14** Forbróimid caidreamh nua agus cuirfimid le caidrimh atá ann cheana féin le pobail agus eagraíochta áitiúla chun leabharlanna poiblí a chur chun cinn mar ionaid bhríomhara pobail, cultúir, fiontair agus foghlama do gach aon phobal.

Libraries Ireland
Makes Every Library Your Local Library

8 Shining a Light, Carnegie Trust UK (2017), https://www.carnegieuktrust.org.uk/shining-a-light/

## 4. Áisitheoir Straitéise – Bailiúcháin

Tá an réimse seirbhíse atá á chur ar fáil ag na leabharlanna ag fás i gcónaí agus is feidhm lárnach é rochtain a sholáthar ar litríocht agus ar ábhar léitheoireachta eile den scoth. Ba chóir go mbeadh na bailiúcháin i leabharlanna poiblí na hÉireann den chéad scoth, agus caithfear iad a fhorbairt chun bheith oiriúnach do theicneolaíocht agus riachtanais na ndaoine.

Tá éagothromaíocht mhór ann maidir leis an méid airgid a chaitear sa bhliain ar bhailiúcháin thar na húdaráis áitiúla ar fad. Féadfar an méid a bheith chomh híseal le 50 cent in aghaidh an duine i gceantair áirithe cé gur shocraigh an ***Public Library Standards and Benchmarks*** sprioc de €3.77 in aghaidh an duine. Tá infheistíocht bhliantúil leanúnach ag gach údarás áitiúil riachtanach chun caighdeán agus tábhacht bailiúchán leabharlanna in Éirinn a choimeád agus chun bailiúcháin dhigiteach a mhéadú.

### BAILIÚCHÁIN LEABHARLAINNE

Rochtain do **1,367 páipéar nuachta**

Níos mó ná **400 cúrsa ríomhfhoghlaim**

Níos mó ná **300 irisleabhar idirnáisiúnta**

Bailiúchán de **17,453 ríomhleabhar**

**7,330 ríomh-chlosleabhar**

Níos mó ná **80 cúrsa teanga ar líne**

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**15** Eagróimid cláir chun na sprice chaiteachais bliantúil um chiste leabhair de €4.00 in aghaidh an duine a bhaint amach le linn shaolré na straitéise.

**16** Bunóimid polasaithe ar fud na seirbhíse chun bailiúcháin agus sealbhuithe a fhorbairt.

**17** Méadóimid rochtain d'acmhainní digiteach, ríomhleabhair agus acmhainní ar líne ina measc, chun líon rogha níos mó agus níos fearr a chuir ar fail sna leabharlanna.

## FIAFRAÍ FAOI ÉIRINN

Soláthraínn Askaboutireland.ie rochtain d'ábhar um staidéar áitiúil i leabharlanna poiblí in Éirinn. San áireamh tá:

- Bailiúcháin d'ábhar áitiúil ó gach údarás
- Ríomhleabhar agus páipéir nuachta
- Acmhainní scoile
- Léarscáileanna stairiúla
- Bailiúcháin tac ar sonraí Griffith's Valuation san áireamh
- Bailiúcháin acmhainní digiteach um thimpeallacht
- Suirbhéanna stáitsiúla



## 5. Áisitheoir Straitéise – Cistiú

Beidh an cistiú a fhaightear ón rialtas áitiúil agus ón rialtas lárnach ríthábhachtach chun an straitéis a chuir i bhfeidhm. Cé gur faoin rialtas áitiúil atá sé na leabharlanna a bhainistiú agus a fhorbairt, is minic a bhíonn soláthar tionscadail caipitil ag bráth ar chistiú ón rialtas lárnach.

Tá infheistíocht shuntasach riachtanach chun caighdeán fhoirgneamh leabharlainne phoiblí a ardú. Tá infheistíocht ag teastáil faoi choinne leabharlanna nua, athchóiriú agus síneadh.

Tá infheistíocht shuntasach ag taisteal chun *Mo Leabharlann Oscailte* a chuir ar fáil thar beagnach 200 craobh leabharlainne. Tabharfar isteach tionscnamh níos leithne thar an líonra leabharlainne faoi ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** beidh an leathadh amach iomlán ann faoi dheireadh 2027.

Ar deireadh, tá teicneolaíochtaí nua riachtanach chun seirbhís leabharlanna nua-aimseartha a sholáthar. Is gá le hinfheistíocht i TFC, trealamh agus bogearraí chun seo a bhaint amach. Tharla an infheistíocht is déanaí in TFC faoi na straitéisí ***Ag Leathnú Amach***. As sin amach d'infheistigh na húdaráis áitiúla in TFC ar bhonn ad hoc, de réir a gcuid acmhainní.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**18** Gheobhaidh rialtas áitiúil agus rialtas lárnach cistiú faoin *Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027*, agus ó fhoinsí eile, ar son fhoirgnimh, agus forbairt teicneolaíochta agus seirbhíse.

**19** Déanfar iarracht tacaíocht dhaonchairdiúil a fháil.




Leabharlann Mhóinteach Mílic, Laois

# 6. Áisitheoir Straitéise – Taighde agus Forbairt

Caithfidh an tseirbhís leabharlainne poiblí coinneáil suas le hathruithe sa tsochaí agus éilimh ón phobal. De thairbhe teastaítear a bheith nuálach agus solúbtha maidir le dearadh agus soláthar seirbhísí agus a bheith ar an eolas faoi riachtanais an lucht úsáide. Tá taighde, anailís agus forbairt leanúnach riachtanach má tá an leabharlann phoiblí in ann coinneáil suas le héilimh atá ag athrú.

## TAGARMHARCANNA AGUS CAIGHDEÁIN

Foilsíodh an *Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlanna Poiblí* i 2015. Is sraith thomhais feidhmíochta iad a lorgaíonn caighdeán ard bhonneagair agus forbairt seirbhíse sa tseirbhís leabharlainne. Ina measc tá na gnéithe seo, rochtain, forbairt seirbhíse lárnach, uaireanta oscailte oiriúnacha, foireann, soláthar seirbhíse agus feidhmíocht. Is é an cuspóir ná a chinntiú go bhfuil an fhorbairt seasmhach, maoirsithe agus leanúnach. Is ar gach rialtas áitiúil ar leith atá sé feidhmíocht na seirbhíse leabharlainne a thomhas faoi na caighdeáin agus na tagarmharcanna cuí.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**20** **Déanfaimid** athbhreithniú ar *Chaighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlanna Poiblí* agus measúnú ar chaighdean na bhfoirgnimh leabharlainne, na serbhísí agus na n-acmhainní.

## TREOCHTAÍ, FORBAIRTÍ AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

Is trí chumarsáid a dhéanamh ag leibhéil idirnáisiúnta agus AE a léirítear an dea-chleachtas. Tá tionchar aige freisin ar threoir beartais, agus i múnlú seirbhíse nua agus nuálaíocht thar an tseirbhís leabharlainne.

**Déanfaimid mar seo a leanas –**

**21** Rachaimid i dteagmháil leis an AE agus líonraí idirnáisiúnta maidir le samplaí dea-chleachtas i bhforbairt seirbhíse agus glacfaimid páirt i dtaighde idirnáisiúnta.

# 6.

# MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ DUL CHUN CINN

## Forfheidhmiú na Straitéise

Is straitéis uaillmhianach í ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022***. Is straitéis réadúil í freisin, a ghlacfaidh tacaíocht ó láidreacht na seirbhíse leabharlainne. Léiríonn sé an riachtanas atá ann do leabharlanna poiblí a dtarraingt a mhéadú, seirbhísí agus acmhainní níos ábhartha a fhorbairt agus na héilimh méadaithe a bhaineann le sochaí atá eolach maidir le cúrsaí teicneolaíochta a chomhlíonadh. Léiríonn sé go bhfuil dóchas ag fás i sochaí na hÉireann agus féachann sé le leas a bhaint as ionachas eeacnamaíochta níos fearr chun infheistíochta sa tseirbhís a mhéadú.

Leanfaidh an teagmháil comhpháirtíochta atá faoi bhun sholáthar ***Deiseanna do Chách*** ar feadh tréimhse nua straitéise. Comhlíonfaidh rialtais áitiúla an straitéis, le tacaíocht ón Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail fad is a dhéanfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iarracht barr feabhais a chuir ar líon foirne na seirbhíse leabharlainne. Pléifimid caidreamh náisiúnta agus áitiúla forbartha le blianta beaga anuas – déanfaimid iad á neartú agus forbróimid caidreamh nua – chun seirbhísí poiblí níos comhordaithe agus comhtháthaithe a chuir ar fáil.

## Measúnú agus Monatóireacht a dhéanamh ar an Dul Chun Cinn

Déantar foráil i measúnú agus monatóireacht leanúnach do bhreithiúnais cuspóireach a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus seachadadh foriomlán na straitéise. Trí iniúchadh a dhéanamh ar na cláiragus ar na háisitheoirí, is féidir linn méid an tionchair a thomhas agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht an Chláir Straitéise le linn thréimhse na straitéise.

Cuirfear córas oiriúnach ar bun chun monatóireachta a dhéanamh ar dhul chun cinn na gclár. Is é *Coiste Forbartha na Leabharlanan*, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an córas is oiriúnaí chun monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn leanúnach a dhéanamh. Tá príomhfheidhmeannaigh ó rialtais áitiúla, Leabharlannaí Cathrach agus Chontae, Libraries Development (LGMA) agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar an gcoiste sin. Tarraingíonn an coiste dearcthaí, saineolas agus taithí na bpríomhpháirtithe le chéile agus treoraíonn sé forbairt straitéise earnáil na leabharlanna poiblí.

Is féidir le socruithe athbhreithnithe agus tuairiscithe seachtracha cuidiú le monatóireacht inmheánach a dhéanamh chun próiseas níos láidre a chinntiú. Forbróidh *The Libraries Development Committee* creatlach torthaí, le táscairí torthaí agus aschuir oiriúnacha. Tuairisceoidh an coiste gach bliain ar an dul chun cinn déanta faoi na táscairí seo, d' Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus do Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.

Déanfar athbhreithniú foirmiúil ar an straitéis mar ullmhú don chéad straitéis leabharlainne eile in 2022.

A1

# AGUISÍN 1: LIOSTA CHOMHALTAÍ NA GCOISTÍ

## AN COISTE FORBARTHA LEABHARLANN

**Cathaoirleach:**

Tom Enright, Comhairle Contae Loch Garman

**Comhaltaí:**

Frank Curran, Comhairle Contae Chill Mhantáin

David Dalton, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Paul Dunne, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Claire Gilligan, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Margaret Hayes, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Annette Kelly, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Philomena Poole, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Mary Stuart, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

## GRÚPA OIBRE UM ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS LEABHARLAINNE

**Cathaoirleach:**

Paul Geraghty, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**Comhaltaí:**

Mary Carleton Reynolds, Comhairle Contae an Longfoirt

Damien Brady, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Donal Brennan, Comhairle Contae Laoise

Eileen Davey, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Margaret Hayes, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Annette Kelly, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Paul Moynihan, Comhairle Cathrach Chorcaí

Mary Quinn, Comhairle Contae Liatroma

Mary Stuart, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Joan Ward, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

A2

# AGUISÍN 2: TAGAIRTÍ

## LEABHARLANNA POIBLÍ NA HÉIREANN

Public Library Service Review Group, *Report, January 1987*. Stationary Office: Dublin, 1987.

Department of the Environment, Heritage and Local Government, *Branching Out: A New Public Library Service*. Stationary Office: Dublin 1998.

Department of the Environment, Heritage and Local Government, *Branching Out: Future Directions*. Stationary Office: Dublin, 2008.

Department of the Environment, Community and Local Government, *Opportunities for All: The Public Library as a Catalyst for Economic, Social and Cultural Development*. Stationary Office: Dublin, 2013.

## RIALTAS NA HÉIREANN

Department of Communications, Energy and Natural Resources, *Doing More with Digital, National Digital Strategy for Ireland Phase 1 – Digital Engagement*, (2013). https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/publications/Documents/63/National%20Digital%20Strategy%20July%202013%20compressed.pdf

Creative Ireland Programme 2017-2022, *Local Plans*. https://creative.ireland.ie/en/local-plans

Department of the Taoiseach, *A Programme for a Partnership Government*, (2016). https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Work_Of_The_Department/Programme_for_Government/A_Programme_for_a_Partnership_Government.pdf

## STRAITÉISÍ IDIRNÁISIÚNTA UM LEABHARLANNA POIBLÍ

Department for Digital, Culture, Media & Sport, *Libraries Deliver: Ambition for Public Libraries in England 2016-2021*. https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/573911/Libraries_Deliver_-_Ambition_for_Public_Libraries_in_England_2016_to_2021.pdf

Libraries NI, *Corporate Plan 2016-2020*.
http://www.librariesni.org.uk/AboutUs/OurOrg/Business%20Plans/Business_Plan_2015-16.pdf

Ministry of Education, *Inspiring Libraries, Connecting Communities: A Vision for Public Library Service in British Columbia*. https://www2.gov.bc.ca/assets/gov/education/administration/community-partnerships/libraries/libraries-strategic-plan.pdf

Library Cooperation Council, Spain, *Library Cooperation Council Strategic Action Plan II, 2016-2018*. http://naple.mcu.es/sites/naple.mcu.es/files/ii_plan_estrategico_ccb_2016-2018_fin_english_002.pdf

Ministry of Culture, Norway, *National Strategy for Libraries 2015-2018*.
https://bibliotekutvikling.no/content/uploads/2016/09/LibraryStrategy-EnglishVersion.pdf

Ministry of the Arts, *Tomorrow's Libraries: Future Direction of the South Australian Public Library Network*. https://www.libraries.sa.gov.au/webdata/resources/files/SAPLN_tomorrow%27s_libraries_online.pdf

Scottish library and Information Council, *Ambition and Opportunity: A Strategy for Public Libraries in Scotland 2015-2020*. https://scottishlibraries.org/media/1133/ambition-opportunity-scotlands-national-public-library-strategy.pdf

The Council for Public Libraries, *Library for Citizens: An Essential Part of Finnish Know-How. The Way Forward for Public Libraries 2016-2020*.
https://www.kirjastot.fi/sites/default/files/content/yleisten-kirjastojen-suunta-2016-2020-web-en.pdf

## SUÍOMHANNA GRÉASÁIN AGUS FOILSEACHÁIN EILE


American Libraries Association, *Public Libraries Association Strategic Plan 2014-2017*. http://www.ala.org/pla/sites/ala.org.pla/files/content/about/strategicplan/PLA_strategic_plan_approved_june_2014_withappB.pdf

Carnegie UK Trust, *Shining a Light: The Future of Public Libraries Across the UK and Ireland*. https://www.carnegieuktrust.org.uk/carnegieuktrust/wp-content/uploads/sites/64/2017/04/Policy-Report-Shining-a-Light.pdf

Debeij, Jos, 'New legislation for public libraries in the Netherlands & the new role for the Koninklijke Bibliotheek', http://library.ifla.org/1277/1/200-debeij-en.pdf [14/08/15].

DeFaveri, Annette, *Breaking Barriers: Libraries and Socially Excluded Communities*, (2005). http://www.libr.org/isc/articles/21/9.pdf

European Parliament Think Tank, *Research for CULT Committee: Public Libraries – Their New Role*. http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/585882/IPOL_STU(2016)585882_EN.pdf

German Library Association, *Report on the State of Libraries in Germany 2015/16*. http://www.bibliotheksverband.de/fileadmin/user_upload/DBV/publikationen/dbvBericht2015ENkorr.pdf

German Library Association, *Report on the State of Libraries in Germany 2016/17*. http://www.bibliotheksverband.de/fileadmin/user_upload/DBV/publikationen/DBV_Bericht_2016_EN.pdf

Johnson Depriest, Meg, *Removing Barriers to Access: Eliminating Library Fines and Fees on Children's Material,* (2016). https://www.cde.state.co.us/cdelib/removingbarrierstoaccess [Accessed 9/11/2017]

Reed, Kathleen, Jean Blackburn and David Sifton, 'Putting a Sacred Cow Out to Pasture: Assessing the Removal of Fines and Reduction of Barriers at a Small Academic Library' *The Journal of Academic Librarianship*, 40 (2014). https://www.academia.edu/6867542/Putting_a_Sacred_Cow_Out_to_Pasture_Assessing_the_Removal_of_Fines_and_Reduction_of_Barriers_at_a_Small_Academic_Library

Sifton, Daniel, 'The Last Taboo: *abolishing library fines*' *The Canadian Journal of Library and Information Practice and Research*, 4;1 (2009). https://journal.lib.uoguelph.ca/index.php/perj/article/view/935/1497#.WgQi2Vu0OUk

The Netherlands Institute for Public Libraries, *The Library of the Future: Hub for Knowledge, Contact and Culture*. https://www.kb.nl/sites/default/files/library_of_the_future_12082014_def.pdf

Zhang, D. *SPELL Research Methodology and Findings*, (2013). http://spellproject.weebly.com/uploads/1/5/3/3/15331602/spell_research_methodology_and_findings.pdf



*Ionad chruthaitheachta agus chultúir*

A3

# AGUISÍN 3: BUÍOCHAS

Gabhann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas ó chroí le gach duine a raibh baint acu in ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022 a fhorbairt: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú***.

Ach go háirithe, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le the Cathaoirleach agus comhaltaí an Ghrúpa Oibre um Athbhreithniú ar an Straitéis Leabharlainne i ngeall ar an straitéis a fhorbairt agus le Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste Forbartha Leabharlann as maoirseacht agus treoir a sholáthar i gcaitheamh an phróisis.

Ina theannta sin, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'ionchur fhoireann na leabharlainne agus na Leabharlannaithe Cathrach agus Contae, a ghlac páirt go díograiseach agus ina sluaite i rith an phróisis, a sholáthair aiseolas, léargas agus moltaí chun ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** a mhúnlú. Táimid buíoch, chomh maith, as an rannchuidiú luachmhar a thug comhaltaí agus bainistíocht shinsearach an údaráis áitiúil.

Ba an-suntasach an leibhéal freagartha a fuarthas ón iliomad ball den phobal agus ó eagraíochtaí ar spéis leo agus ó ghníomhaireachtaí fud fad na tíre i rith an chomhairliúcháin phoiblí. Sholáthair an t-aiseolas go leor eolais agus ba rí-mhór againn é.

Gabhann muid buíochas le na freagróirí a thug caoinchead dúinn úsáid a bhaint as á ionchur sa straitéis.

© An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, 2018

ISBN: **978-1-9996840-0-6**

ÁR LEABHARLANNA POIBLÍ 2022: **Ag Spreagadh, ag Ceangal agus ag Cumasú Pobal**

Foilsithe ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Baile Átha Cliath 2018

**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**
Department of Rural and Community Development

CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

LGMA
AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL
LOCAL GOVERNMENT MANAGEMENT AGENCY